

OBAIR NA MBAN

Nuair a bhí Úna Ní Chatháin agus na dreithshiúracha ina gcailíní óga i gCill Coirb bhí obair an lae leagtha amach. Bleághan na mbó an chad rud ar maidin. Fuinneadh agus bácáil roimh mheadhon lae. Céad ní eile uaidh sin go dtí an oidhche. Sníomhachán, cardáil, cniotáil san oidhche. Siubháinín a chaitheadh mí leo gach bliain ag sníomhachán. Flainín tar éis teacht ón bhfigheadóir, dhá tharraingt agus dá thucnáil aríst.